



OLLSCOIL NA  
GAILLIMHE  
UNIVERSITY  
OF GALWAY

Acadamh na  
hOllscolaíochta Gaeilge

# Réamheolaire Fochéime 2024 *Undergraduate Prospectus 2024*



# Fáilte

Tuigeann mic léinn Ollscoil na Gaillimhe go bhfuil siad ag tabhairt faoi chúrsa atá spreagúil agus ábhartha nuair a dhéanann siad staidéar ar chúrsa le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Leagtar an-bhéim ar shaineolas praitic-bhunaithe chomh maith le bunús maith teoiriciúil sna cúrsaí seo, rud a chinntíonn go mbíonn céimithe na gcúrsaí ardoilte don mhargadh fostaíochta. Tá an teicneolaíocht is déanaí in úsáid ar na cúrsaí seo agus cinntíonn sé sin go bhfuil mic léinn ár gcúrsaí réidh don saol fostaíochta. Tá na scileanna a fhoghlaimíonn na mic léinn inaistrithe, ach tá sé ríshoiléir gur buntáiste breise dóibh an líofacht sa Ghaeilge. Déantar obair leanúnach chun ár gcúrsaí a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta, ar mhaithe le freastal ar riachtanais an mhargaidh fostaíochta agus dá réir, tá leibhéal an-ard fostaíochta bainte amach ag ár gcéimithe in earnáil na teilifíse agus an raidió, an aistriúcháin agus in eagraíochtaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge.



# Welcome

Students of University of Galway understand that they are undertaking an exciting and relevant programme when they study with Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Our courses offer hands-on learning underpinned by a solid theoretical foundation to prepare graduates for the competitive employment market. The latest technologies are used to ensure our students are highly skilled entering the jobs market. The skills learned by our students are completely transferable but it is very clear to our successful graduates that fluency in the Irish language gives them a considerable advantage in today's highly competitive market place. We continually look to update and adapt our programmes to respond to your needs and the demands of the job market and as a result we have a very high level of employment among our BA graduates in the areas of television and radio, in the translation industry and in organisations that function through Irish.



# BA (Cumarsáid & Gaeilge)

GY122

Clár léinn spreagúil sna meáin chumarsáide agus sa Ghaeilge is ea an BA (Cumarsáid & Gaeilge), a bhíonn á theagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus a mhaireann ar feadh ceithre bliana. Tá meascán tomhaiste ann den staidéar acadúil agus den oiliúint phraiticiúil san iriseoireacht, sa léiriú físe agus raidió, sa chraoltóireacht agus sna hilmheáin, chomh maith le staidéar ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge. Tá an chéim á tairiscint ag an Acadamh i gcomhpháirt le Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe.

## Seimeastar Gaeltachta & Socrúchán Oibre

Bíonn an chéad seimeastar den tríú bliain ar siúl in Ionad na hOllscoile ar an gCeathrú Rua i gcoilár Ghaeltacht Chonamara. Bíonn deis agat ansin barr feabhais a chur ar labhairt na teanga, agus tuiscint a fháil ar oidhreacht agus ar dhúchas na Gaeltachta. Sa dara seimeastar beidh deis agat taithí oibre a dhéanamh in earnáil na meán, nó tionscadal 'foghlaim sa phobal' a chur i gcrích. Má roghnaíonn tú an taithí oibre, gheobhaidh tú cúnaimh agus tacaíocht a chuirfidh ar do chumas taithí fhíorluachmhar a fháil sna meáin le TG4, RTÉ, Raidió na Gaeltachta nó san earnáil neamhspleách raidió agus teilifíse. Gheobhaidh tú tuiscint ar leith ar shaol na meán comhaimseartha san intéirneacht sin, déanfaidh tú teagmhálacha luachmhara, agus gheobhaidh tú scileanna praiticiúla ar an láthair oibre a sheasfaidh leat agus tú sa tóir ar phost amach anseo.

## Naisc Idirnáisiúnta

Más maith leat na deiseanna a bhaineann le socrúchán oibre thar sáile nó clár Erasmus a fhiosrú, beimid lánsásta comhairle a chur ort ina dtaobh.

## Pointe Eolais

Bhuaigh mic léinn na Cumarsáide Smedia in 2023 don Chlár Raidió Gaeilge is fearr dá gCraoladh Sheachtrach le linn Sheachtain na Gaeilge.

## Deiseanna Gairme

Agus do chéim bainte amach agat beidh tú oilte sa léiriú teilifíse agus raidió, sa chraoltóireacht, san iriseoireacht chlóite agus ar líne, sna hilmheáin agus i dteicneolaíochtaí digiteacha éagsúla. Beidh tú inniúil ar struchtúr an scéil agus ar theanga na físe; beidh tú in ann anailís a dhéanamh ar ról na meán sa tsochaí chomhaimseartha; agus beidh tuiscint ghrinn agat ar shaol agus ar chultúr na teanga mar theanga bheo sa lá atá inniu ann. Is é taithí chéimithe an chláir gur buntáiste suntasach dóibh é a líofacht Ghaeilge agus iad sa tóir ar fhostaíocht i margadh fíor-iomaíoch na meán, margadh na teilifíse agus an raidió go háirithe. Is bunús láidir é an chéim seo freisin i ngairmeacha eile: sa pholaitíocht, gnó, bainistíocht, an earnáil neamhbhrabúis (eagraíochtaí neamhrialtasacha agus carthanachta), agus an earnáil phoiblí.

## Breisoideachas

Comhpháirtíocht nuálach le RTÉ is ea an MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) faoina mbíonn deis eisceachtúil ag mic léinn tabhairt faoin staidéar acadúil ar líne agus taithí oibre luachmhar a fháil san iriseoireacht, sa chraoltóireacht agus i gcruithú ábhair in aonaid Ghaeilge RTÉ.

## Sonraí an Chúrsa

Cód CAO: GY122

Leibhéal an Chúrsa: 8

Fad: 4 bliana

Íospointí Iontrála 2023: 484

Íosghráid A-Leibhéil:

Grád C i nGaeilge (A-Leibhéal)

Riachtanais Iontrála Ardteistiméireachta: Cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil caighdeán H5 sa Ghaeilge bainte amach acu agus a shásaíonn riachtanais iontrála ghinearálta na hOllscoile.

Líon na Mac Léinn: 25

## Leagan Amach an Chúrsa

### Bliain a hAon

- Bunús na hIriseoireachta
- Na Meáin agus an tSochaí
- Scéalaíocht Dhigiteach
- Cleachtas Léirithe na Meán 1

### Bliain a Dó

- Teicneolaíochtaí na Meán
- Anailís na Meán
- Cleachtas Léirithe na Meán 2
- Craoltóireacht
- Díl, Eiticí agus an Córas Poiblí
- An Gné-alt

### Bliain a Trí

#### Seimeastar Gaeltachta:

- Inniúlachtaí Gairme
- Tionscnamh Gaeltachta
- Gnéithe de Chultúr Dúchais na Gaeltachta
- Pobal na Gaeltachta sa lá atá inniu ann
- Saibhríú agus Scileanna Teanga
- Scileanna Cumarsáide agus cur i láthair

#### Dara Seimeastar:

- Intéirneacht i gcomhlacht meán nó caidrimh phoiblí, nó tionscadal 'foghlaim sa phobal', nó tréimhse thar lear.

### Bliain a Ceathair

- Scriptscríobh
- Lucht Féachana na Meán
- Dúshláin na Meán Sóisialta
- Iriseoireacht Fheidhmeach
- Dúshláin na Meán Sóisialta
- Tionscadal Deiridh Céime



### Teistiméireacht Mac Léinn

An rud is fearr liomsa faoin chúrsa seo ná go bhfuil sé iontach cruthaitheach agus go mbíonn an tsaoirse agat triail a bhaint as an iliomad rudaí - ag craoladh beo ar an raidió, láithreoireacht teilifíse, iriseoireacht scríofa, léiriúchán - agus mar sin go mbíonn tuairim agat cad go díreach a thaitníonn leat. Tá tú in ann do stíl féin a aimsiú agus a láidriú le linn an chúrsa agus cuideoidh sé sin go mór leat post a fháil sna meáin i ndiaidh na céime.

*Áine Ní Dhonnaile, BA (Cumarsáid & Gaeilge)*



### Teistiméireacht Fostóra

Is cúrsa é seo a thugann roghanna an-mhaith don mhac léinn. Cuirfear ar fáil eolas den scoth agus taithí thábhachtach le comhlachtaí teilifíse agus tugann an tréimhse Ghaeltachta an deis ardscoil na Gaeilge a fhorbairt sa teanga, rud atá riachtanach do TG4.

*Alan Esslemont, Ardstiúrthóir TG4*

### Tuilleadh Eolais:

t: +353 91 495158

r: cumarsaid@ollscoilnaGaillimhe.ie

g: [www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh](http://www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh)

# BA (Cumarsáid & Gaeilge)

GY122

The BA (Cumarsáid & Gaeilge) is a dynamic four-year degree in media and Irish which is taught entirely through Irish. It has been extensively updated to provide a balanced mix of academic study and practical, hands-on learning in journalism, television and radio production, broadcasting and multimedia, as well as Irish language and literature. This degree programme is offered by the Acadamh in conjunction with the Department of Irish at University of Galway.

## Gaeltacht Semester & Work Placement

During the first semester of third year you will be based at the University's Gaeltacht campus in An Cheathrú Rua at the heart of the Connemara Gaeltacht. Here you will have the opportunity to achieve a high standard of spoken Irish, and deepen your understanding of Gaeltacht heritage and dúchas. During the second semester you will work as an intern in a media or public relations organisation, or complete a community-based learning project. If you choose the internship, you will be given help and support to gain invaluable industry experience in high-quality internships in TG4, RTÉ, Raidió na Gaeltachta and the independent television and radio sector. These sought-after opportunities will give you a unique insight into the contemporary media world during which you will make invaluable contacts and gain practical, on-the-ground skills that will help you in your future search for employment.

## International Links

You may also wish to consider a work placement or Erasmus programme in another country. If you wish to explore this option, we will be happy to give you every advice and assistance.

## Key Facts

At the 2023 Smedia Awards, students on this course won the best Radio Programme in Irish for their outside broadcast during Seachtain na Gaeilge.

## Career Opportunities

When you graduate you will be skilled in various aspects of television and radio production and broadcasting, print and online journalism, and multimedia and digital technologies. You will have a keen understanding of story structure and visual language; you will be able to analyse the role of the media in contemporary society; and you will have a keen understanding of Irish language and culture. Successful graduates have found that their ability to speak fluent Irish has given them a considerable advantage in the highly competitive media market, particularly in television and radio. This degree also offers a strong foundation for a career in politics, business, management, the non-profit sector including NGOs and charity organisations, and the public service.

## Further Study

The MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) is built on an innovative partnership with RTÉ and offers a unique combination of online academic study and on-the-job work experience in journalism, broadcasting and content creation in RTÉ's Irish-language units.

## Course Facts

**CAO Code:** GY122

**Course Level:** 8

**Duration:** 4 years

**Minimum Entry Points 2023:** 484

**Minimum A-Level Grades:** Grade C in A Level Irish

### Leaving Certificate Entry Requirements:

Applications are welcome from people who have achieved the H5 standard in Irish in the Leaving Certificate examination, and who satisfy the University's general entrance requirements.

**Average Intake:** 25

## Course Outline

### Year One

- Digital Storytelling
- Media Production Practice 1
- Foundations of Journalism
- Media & Society

### Year Two

- Media Technologies
- Media Analysis
- Broadcasting
- Law, Ethics and the Public Service
- The Features Article

### Year Three

#### Gaeltacht Semester:

- Career Competencies
- Gaeltacht Project
- Aspects of Gaeltachta Culture
- The Contemporary Gaeltachta Community
- Developing Language Skills
- Communication and Presentation Skills

#### Second Semester:

- Internship in a media or public relations organisation, or a community-based learning project, or study abroad.

### Year Four

- Scriptwriting
- Media Audience
- The Challenges of Social Media
- Applied Journalism
- Media Economy
- Final-Year Project



### Student Testimonial

I got the opportunity to study different aspects of media on this course. The thing I liked most about the course was that the emphasis on learning through doing and the practical aspect of the coursework. On this course you are offered the opportunity to work on many elements of media such as a radio programme, short film, news reports and many other related activities. In third year you get to put your learning into practice when you undertake your work placement. When you are applying for jobs it is great to be able to say that you have already been broadcasting and working in the industry for a number of years!

*Ronan Flanagan, BA (Cumarsáid & Gaeilge)*



### Employer Testimonial

This course offers the best of both worlds to the student. As well as high quality instruction, the work placement with TV companies and the immersion period in the Gaeltacht will develop the skills necessary for TG4.

*Alan Esslemont, Director General TG4*

### Further Information:

t: +353 91 495158

e: [cumarsaid@oillscoilnagailimhe.ie](mailto:cumarsaid@oillscoilnagailimhe.ie)

w: [www.OillscoilnaGailimhe.ie/acadamh](http://www.OillscoilnaGailimhe.ie/acadamh)

# BA sna Dána (Léann Teanga)

GY136

Is céim í seo atá dírithe go sonrach ar jabanna i réimse na scileanna teanga. Tá deiseanna den scoth anois in Éirinn agus san Eoraip dóibh siúd a bhfuil cáilíocht aistriúcháin/ teanga acu – go deimhin, tá ganntanas aistritheoirí cáilithe ann chun na poist ar fad a líonadh. Ar an gcúrsa céime an-phraiticiúil seo dírithe ar na scileanna teanga, teicneolaíochta agus proifisiúnta atá riachtanach chun bheith i d'aistritheoir gairmiúil.

Anuas ar Léann an Aistriúcháin, tá Gaeilge nó Fraincis ar fáil duit mar dhara hábhar agus deis barr feabhais a bhaint amach i gceann den dá ábhar teanga sin don chéim i.e. BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin) nó BA (Fraincis agus Léann an Aistriúcháin).

## Seimeastar Oibre

Má roghnaítear Léann an Aistriúcháin agus Gaeilge don chéim, bíonn socrúchán oibre bliana (Meán Fómhair go hAibreán) ar fáil le heagraíocht nó gnólacht atá ag feidhmiú trí Ghaeilge. Ar na heagraíochtaí a bhí i gceist le tamall anuas tá Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais, an Taibhdhearc, Gaillimh le Gaeilge, an Coimisiún Eorpach (an Bhruiséil), agus eagraíochtaí pobail sa Ghaeltacht. Má roghnaítear Léann an Aistriúcháin agus Fraincis don chéim, is féidir seimeastar amháin a chaitheamh ar shocrúchán oibre in Éirinn agus seimeastar eile a chaitheamh ag staidéar i dtír ina labhraítear an Fhraincis (Erasmus), nó an bhliain iomlán a chaitheamh le ceann amháin díobh sin.

## Deiseanna Gairme

Éiríonn lenár gcéimithe poist a fháil i réimsí éagsúla ina bhfuil tábhacht le scileanna teanga. Tá ceangal láidir againn le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh agus tá scata dár gcéimithe ag obair sna heagraíochtaí sin anois chomh maith le heagraíochtaí san earnáil stáit in Éirinn. Céimithe eile dár gcuid, tá na scileanna a shealbhaigh siad ar an gcéim seo á n-úsáid acu anois i bpoist i réimsí na cumarsáide agus an oideachais.

## Pointe Eolais

Níl cúrsa iomlán bunchéime i Léann an Aistriúcháin le fáil in aon ollscoil eile in Éirinn ach amháin in Ollscoil na Gaillimhe.

## Breisoideachas

- MA (Léann Teanga)
- MA (Ateangaireacht Chomhdhála)
- MA in Advanced Languages and Global Literatures/Ardscileanna Teanga agus Litríochtaí na Cruinne
- MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin)

## Sonraí an Chúrsa

Cód CAO: GY136

Leibhéal an Chúrsa: 8

Fad: 4 bliana

Íospointí Iontrála 2023: 436

Íosghráid A-Leibhéil: AAAC nó a gcomhionann

### Riachtanais Iontrála Ardteistiméireachta:

Ní mór Grád H3, ar a laghad, a bheith ag iarrthóirí sa Ghaeilge agus Grád H5 in ábhar éigin eile mar aon le Grád H6, ar a laghad, i gceithre ábhar eile, Béarla agus teanga eile san áireamh.

**Riachtanais Iontrála A-Leibhéil/GCSE:** Féach ar [www.universityofgalway.ie](http://www.universityofgalway.ie) chun eolas a fháil faoi riachtanais iontrála an mháithreánaigh.

Líon na Mac Léinn: 15



## Teistiméireacht Fostóra

Tá na scileanna a thugann na mic léinn leo ón gcúrsa seo thar a bheith tairbheach dóibh agus iad ag dul amach sa mhargadh oibre. Tá sé sin feicthe go soiléir

againne i nGaillimh le Gaeilge i gcás na mac léinn a tháinig ar thaithí oibre linn anseo.

Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach, Gaillimh le Gaeilge



# Leagan Amach an Chúrsa

## Bliain a hAon

### Léann an Aistriúcháin

- Gnéithe den Aistriúcháin
- Bunscileanna Gramadaí
- Bunscileanna Aistriúcháin

### Gaeilge

- Litríocht agus Cultúr na Linne
- An Teanga Bheo
- Scéal agus Pobal na Gaeilge

### Fraincis

- Buneolas ar Chultúr & Teanga na Fraince\*
- Buneolas ar Litríocht na Fraincise i gComhthéacs

## Bliain a Dó

### Léann an Aistriúcháin

- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 1
- Stair an Aistriúcháin in Éirinn
- Gramadach agus Litriú na Gaeilge 1
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 2
- Téarmaíocht
- Cruinneas agus Saibhriú Teanga

### Gaeilge

- Teanga na Nua-Ghaeilge I
- An tSochtheangeolaíocht
- An Gearrscéal sa Ghaeilge
- Teanga na Nua-Ghaeilge II
- Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge
- Modúl roghnach (rogha ar fáil)

### Fraincis

- Cruinneas na Fraincise 5\*
- Litríocht do Pháistí sa Fhraincise
- Buneolas ar Anailís Théacsúil Fraincise
- An Amhránaíocht i Saol na Fraince agus na Fraincise
- Seánraí Litríochta na Fraincise (Úrscéal, Filíocht, Drámaíocht – ón 17ú go dtí an 19ú céad)
- Litríochtaí na Fraincise
- Dírbheathaisnéis – Cuir Chuige Chomhaimseartha
- An Fhrainc ar an Stáitse agus ar an Scáileán

## Bliain a Trí

- BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin): Socrúchán oibre (Meán Fómhair go hAibreán)
- BA (Fraincis agus Léann an Aistriúcháin): Socrúchán oibre NÓ bliain staidéir thar lear (Erasmus) NÓ meascán den dá rud

## Bliain a Ceathair

### Léann an Aistriúcháin

- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 3
- Gramadach agus Litriú na Gaeilge 2
- Eagarthóireacht agus Léamh Profaí
- Tionscadal
- Gnó an Aistriúcháin/Fotheidealú

### Gaeilge

- Teanga na Nua-Ghaeilge I
- An tSochtheangeolaíocht
- An Gearrscéal sa Ghaeilge
- Teanga na Nua-Ghaeilge II
- Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge
- Modúl roghnach (rogha ar fáil)

### Fraincis

- Cruinneas na Fraincise 6\*
- Stair na Fraince a Léamh mar Litríocht
- Na Meáin agus Seirbhísí Faisnéise na Fraince
- Litríocht Fraincise do Dhaoine Fásta Óga
- Scannánaíocht na Fraince
- Cumhacht Íomhánna na Fraince
- Teanga agus Féiniúlacht i Saol na Fraincise
- Teanga agus Féiniúlacht sa Mheánaois sa Fhrainc
- Spórt agus Féiniúlacht na Fraince
- Seánraí Litríochta na Fraincise (Úrscéal, Filíocht, Drámaíocht – an 20ú céad)
- Inscne agus Féiniúlacht i Litríocht na Fraincise

*Is iad seo na modúil éagsúla atá ar fáil sna ceithre bliana den chéim. (Níl modúil an tríú hárthar atá le roghnú sa chéad bhliain san áireamh anseo.) Déantar na modúil Fraincise a theagasc trí Fhraincise ach amháin na modúil a bhfuil réiltín (\*) leo – trí Ghaeilge a dhéantar na modúil sin a theagasc.*



## Teistiméireacht Mac Léinn

Mholfainn an cúrsa seo d'aon duine le spéis i struchtúr agus saibhreas na Gaeilge. Is cúrsa iontach é do dhaoine atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge chun úsáid ina saol oibre agus pearsanta.

Cúrsa beag atá ann a chiallaíonn go mbíonn dlúthchaidreamh agat leis na léachtóirí agus iad siúd sa rang. An rud is mó a thaitníonn liom faoin

gcúrsa go bhfuil meascán de mhuintir na Gaeltachta agus na Galltachta sa rang. Treisíonn an chaint dhúchasach nádúrtha idir mo chuid comhghleacaithe mo chumas cainte agus dá thoradh sin, mo chumas aistriúcháin.

*Meadhb Damery, BA (Gaeilge & Léann an Aistriúcháin)*

## TUILLEADH EOLAIS:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge  
t: 091-493959  
r: [leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie)  
g: [www.Ollscoilnagailimhe.ie/acadamh](http://www.Ollscoilnagailimhe.ie/acadamh)

# BA sna Dána (Léann Teanga)

GY136

**This degree is aimed specifically at jobs in the field of language skills. Excellent opportunities now exist in Ireland and Europe for those with a translation / language qualification – indeed, there is a shortage of qualified translators to fill job vacancies. This highly practical degree course focuses on the linguistic, technological and workplace skills needed to become a professional translator.**

In addition to studying Translation in Léann an Aistriúcháin, you choose either Irish or French as a second subject and an opportunity to excel in one of these two language subjects for the degree: BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin) or BA (Fraincis agus Léann an Aistriúcháin).

## Work Placement

If Léann an Aistriúcháin and Irish are selected for the degree, a one-year work placement (September to April) is available with an organization or business operating through Irish. In recent years, these have included the Translation Service of the Houses of the Oireachtas, An Taibhdhearc (National Irish language Theatre), Gaillimh le Gaeilge, the European Commission (Brussels), and community organizations in the Gaeltacht.

If you choose Translation Studies and French for the degree, you can spend one semester on a work placement in Ireland and spend another semester studying in a French-speaking country (Erasmus), or spend the entire year on one or the other.

## Career Opportunities

Our graduates are successful in finding jobs in various areas where language skills are important. We have strong links with the EU institutions and many of our graduates are now working in those organizations as well as in the Irish state sector. Other graduates are now utilizing the skills acquired on this degree in jobs in communication and education.

## Key Facts

University of Galway is the only Irish university offering a full primary degree course in Translation Studies.

## Further Study

- MA (Léann Teanga)
- MA (Ateangaireacht Chomhdhála)
- MA in Advanced Languages and Global Literatures/Ardscileanna Teanga agus Litríochtaí na Cruinne
- MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin)

## Course Facts

**CAO Code:** GY136

**Course Level:** 8

**Duration:** 4 years

**Minimum Entry Points 2023:** 436

**Minimum A-Level Grades:** AAAC or equivalent combinations

### Leaving Certificate Entry Requirements:

Applicants must have a minimum of Grade H3 in Irish and Grade H5 in another subject and a minimum of Grade H6 in another four subjects in the Leaving Certificate, including English and another language.

### A-Level/GCSE Entry Requirements:

See [www.universityofgalway.ie](http://www.universityofgalway.ie) for matriculation entry requirements.

**Average Intake:** 15



## Employer testimonial

The skills brought by students from this course are extremely valuable as they enter the employment market. We've seen this very clearly in Gaillimh le

Gaeilge with the students who have completed work placements with us here.

*Bríd Ní Chonghóile, Chief Executive, Gaillimh le Gaeilge*

## Course Outline

### Year One

#### Léann an Aistriúcháin

- Aspects of Translation
- Fundamental Grammar Skills
- Fundamental Translation Skills

#### Gaeilge

- Contemporary Literature and Culture
- The Living Language
- The Irish Language Story and Community

#### Fraincis

- Introduction to French Language and Culture\*
- Introduction to French Literature in Context

### Year Two

#### Léann an Aistriúcháin

- Applied Translation 1
- The History of Translation in Ireland
- Irish Language Grammar and Spelling I
- Applied Translation 2
- Terminology
- Linguistic Precision and Enrichment

#### Gaeilge

- Modern Irish Language I
- Sociolinguistics
- The Short Story in Irish
- Modern Irish Language II
- Themes in Modern Irish Poetry
- Elective module

#### Fraincis

- French Language 5\*
- French Children's Literature
- Introduction to French Textual Analysis
- French and Francophone Song
- French Literary Genres [Novel, Poetry, Theatre – 17th to 19th centuries]
- Francophone Literatures
- Autobiography – Contemporary Approaches
- France on Stage and Screen

### Year Three

- Work placement (September to April)
- Work placement OR year of study abroad (Erasmus)  
OR a combination of both

### Year Four

#### Léann an Aistriúcháin

- Applied Translation 3
- Irish Language Grammar and Spelling 2
- Editing and Proofreading
- Translation Project
- Translation as a Business/Subtitling

#### Gaeilge

- Modern Irish Language III
- Irish Language Poets and Poetry 700-1900
- Folklore and Storytelling
- Modern Irish Language IV
- Irish Language Prose
- Elective module

#### Fraincis

- French Language 6\*
- Reading French History as Literature
- French Media and Information
- French Literature for Young Adults
- French Cinema
- The Power of French Images
- Language and Identity in the Francophone World
- Language and Identity in Medieval France
- French Sport and Identity
- French Literary Genres (Novel, Poetry, Theatre - 20th century)
- Gender and Identity in French Literature

*These are the modules available in each of the four years of the degree. (This does not include the modules of the third subject to be chosen in first year.) French modules are taught through French with the exception modules marked with an asterisk (\*)— these modules are taught through Irish.*



### Student testimonial

I would recommend this course to anyone who has an interest in both the writing and the structure of Irish. One learns in this course about various aspects relating to translation, with a great emphasis placed on the accuracy of written Irish required to be a proficient translator. There is a great mix in this undergraduate course between both practical work and the reflective skills required to translate at a high level.

*Darragh Mac Giolla Phádraig, BA (Gaeilge & Léann an Aistriúcháin)*

### FURTHER INFORMATION:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

t: 091-493959

e: [leannteanga@ollscoilnagaillimhe.ie](mailto:leannteanga@ollscoilnagaillimhe.ie)

w: [www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh](http://www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh)

# BA (Comhonóracha)

GY101



Déanann gach mac léinn staidéar go dtí leibhéal na céime ar dhá ábhar éagsúla den réimse leathan ábhar a chuirtear ar fáil ar an gclár solúbtha seo. Anuas ar ardchaighdeán léinn a bheith ar fáil duit, foghlaimeoidh tú scileanna inaistrithe a chinnteoidh go mbeidh tú réidh don saol oibre nó don staidéar breise in Éirinn nó thar lear. Cabhróidh an BA Comhonóracha leat scileanna a fhorbairt le go mbeidh tú i do smaointeoir cruthaitheach atá in ann smaointe a chur in ord agus in eagar agus a chur i láthair go soiléir ceannasach. Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Léann na Cumarsáide agus Léann an Aistriúcháin ar fáil mar roghanna ábhar.

Má roghnaíonn tú staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge mar chuid den chlár Comhonóracha, ar nós gach cúrsa teanga críochnóidh tú timthriall ceithre bliana. Caithefear seimeastar a haon, de bhliain a trí, ag baint leas as tréimhse thumoideachais ar champas Ollscoile Gaeltachta, sula dtugann tú faoi shocrúchán oibre in eagraíocht Ghaeilge le linn sheimeastar a dó. Cabhróidh an dá cheann le scoláirí a n-inniúlacht sa teanga a fheabhsú agus le muinín a chothú chun an Ghaeilge a úsáid.

## Léann na Cumarsáide Leagan Amach

### Bliain a hAon

- Scéalaíocht Dhigiteach
- Cleachtas Léirithe na Meán
- Bunús na hIriseoireachta
- Na Meáin agus an tSochaí

### Bliain a Dó

- Dearadh Físe
- Teicneolaíochtaí na Meán
- Anailís na Meán
- Craoltóireacht
- Díl, Eiticí agus an Córas Poiblí
- An Gné-Alt

### Bliain a Trí

- Lucht Féachana na Meán
- Dúshlán na Meán Sóisialta
- Scriptscríobh
- Iriseoireacht Fheidhmeach
- Geilleagar na Meán
- Tionscadal Deiridh Céime

## Léann an Aistriúcháin Leagan Amach

### Bliain a hAon

- Gnéithe den Aistriúchán
- Bunscileanna Gramadaí
- Bunscileanna Aistriúcháin

### Bliain a Dó

- Gramadach agus Litriú na Gaeilge I
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna I
- Stair an Aistriúcháin in Éirinn
- An tAistriúchán Ríomhchuidithe
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna II
- Cruinneas agus Saibhriú Teanga

### Bliain a Trí

- Gramadach and Litriú na Gaeilge II
- Tionscadal
- Fotheidealú
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna III
- Téarmeolaíocht
- Eagarthóireacht agus Léamh Profaí

## Gaeilge Leagan Amach

### Bliain a hAon

- An Teanga Bheo
- Scéal agus Pobal na Gaeilge
- Litríocht agus Cultúr na Linne

### Bliain a Dó

- Teanga na Nua-Ghaeilge
- An tSochtheangeolaíocht
- An Gearrscéal sa Ghaeilge
- Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge
- Modúl roghnach: Scannánaíocht na Gaeilge / Teanga na Sean-Ghaeilge / Na Meáin Chumarsáide agus an Ghaeilge / Amhránaíocht na Gaeilge / An Fhiannaíocht / Ainmneacha, Sloinnte agus Logainmneacha na hÉireann / Canúint agus Caighdeán / Drámaíocht na Gaeilge

### Bliain a Trí

#### BA Comhonóracha le Gaeilge:

- Seimeastar Gaeltachta
- Seimeastar ar shocrúchán oibre nó thar lear

### Bliain a Ceathair

- Teanga na Nua-Ghaeilge
- Filí agus Filíocht na Gaeilge 700–1900
- An Béaloideas agus an Scéalaíocht
- Próslitríocht na Gaeilge
- Modúl roghnach: Miontráchtas Taighde / Scannánaíocht na Gaeilge / Cineál agus Ceart na Gaeilge / Ainmeolaíocht na Gaeilge / Teanga na Sean-Ghaeilge / An Ghaeilge agus na Meáin Chumarsáide / Cartlanna na Gaeilge / Scríbhneoirí Thír Chonaill / Gaeilge na hAlban / An Bhreatnais

## Tuilleadh Eolais

r: cumarsaid@ollscoilnagailimhe.ie  
r: leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie  
r: fiona.depaor@ollscoilnagailimhe.ie



# BA (Joint Honours)

GY101



**This is a highly flexible programme offering you a wide range of two-subject combinations to degree level. In addition to academic rigour you will acquire transferrable skills designed to make you career ready and equipped for employment and further study in Ireland or abroad. The Joint-Honours BA will help you become a disciplined and creative thinker, capable of expressing your thoughts coherently and persuasively. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge offers Léann na Cumarsáide and Léann an Aistriúcháin as subject choices.**

If you chose to study Irish as part of the Joint Honours programme, like all language courses you will complete a four year cycle. Semester one of year three is spent benefiting from an immersion period at one of the university's Gaeltacht campuses, before undertaking work placement in an Irish language organisation during semester two. Both will help students to improve their competency in the language and help cultivate confidence to use an Ghaeilge.

## Léann na Cumarsáide Course Outline

### Year One

- Digital Storytelling
- Media Production Practice
- Foundations of Journalism
- Media and Society

### Year Two

- Video Design
- Media Technologies
- Media Analysis
- Broadcasting
- Law, Ethics and the Public Services
- Features

### Year Three

- Media Audiences
- The Challenges of Social Media
- Scriptwriting
- Applied Journalism
- Media Economy
- Final Year Project

## Léann an Aistriúcháin Course Outline

### Year One

- Aspects of Translation
- Fundamental Grammar Skills
- Fundamental Translation Skills

### Year Two

- Irish Language Grammar and Spelling I
- Applied Translation I
- The History of Translation in Ireland
- Computer-Assisted Translation
- Applied Translation II
- Linguistic Precision and Enrichment

### Year Three

- Irish Language Grammar and Spelling II
- Project
- Terminology
- Subtitling
- Applied Translation III
- Editing and Proofreading

## Gaeilge Course Outline

### Year One

- The Living Language
- The Irish Language Story and Community
- Contemporary Literature and Culture

### Year Two

- Modern Irish Language
- Sociolinguistics
- The Short Story in Irish
- Themes in Modern Irish Poetry
- Optional module: Irish Language Cinema / Old Irish / Media and the Irish Language / Irish Language Songs / Fenian Literature / Irish Names, Surnames and Placenames / Dialect and the Official Standard / Irish Language Theatre

### Year Three

#### BA Joint-Honours with Irish:

- Gaeltacht Semester
- Work Placement or study abroad

### Year Four

- Modern Irish Language
- Irish Language Poets and Poetry 700–1900
- Folklore and Storytelling
- Irish Language Prose
- Optional module: Research Dissertation / Irish Language Cinema / Correct Usage of the Irish Language / Irish Language Onomastics / Old Irish / Irish Language and the Media / Irish Language Archives / The Writers of Donegal / Scottish Gaelic / Welsh



## Further Information

e: [cumarsaid@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:cumarsaid@ollscoilnagailimhe.ie)  
e: [leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie)  
e: [fiona.depaor@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:fiona.depaor@ollscoilnagailimhe.ie)

# An Seimeastar Gaeltachta

Cuireann Ollscoil na Gaillimhe eispéireas foghlama uathúil ar fáil do mhic léinn a thugann faoin nGaeilge mar chuid dá gcuid staidéir ar chlárí fochéime. Mar is amhlaidh le clárí chéime eile a chuimsíonn teangacha, tugtar deis do mhic léinn a dhéanann staidéar ar an nGaeilge leas a bhaint as tréimhse thumstaidéir 12 sheachtain i gceantair Ghaeltachta Chonamara nó Dhún na nGall le linn bhliain a trí dá gcéim. Tá an Ollscoil i riocht eisceachtúil mar go bhfuil 3 champas ollscoile aici i gcuid de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír, is iad sin: An Cheathrú Rua agus Carna i nGaillimh agus Gaoth Dobhair i nDún na nGall. Ag deireadh na tréimhse Gaeltachta, bíonn na mic léinn níos inniúla ar an nGaeilge agus dá bharr sin, níos muiníní as í a úsáid agus iad ag tabhairt faoi na socrúcháin oibre i seimeastar a dó.

Roghnaíonn mic léinn an campas is fearr leo agus socraítear lóistín le teaghlaigh áitiúla don seimeastar. Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go fial le costas an lóistín, agus is costas €420 a bhíonn ar na mic léinn don tréimhse iomlán 12 sheachtain. Áirítear le lóistín gach béile; bricfeasta, lón agus dinnéar.



## Teistiméireacht

Rinne mé an cinneadh ceart nuair a roghnaigh mé an Ghaeilge in Ollscoil na Gaillimhe. Leagtar béim ar gach gné den teanga, rud a chiallaíonn gur cúrsa suimiúil, cuimsitheach agus taitneamhach é. Ní amháin gur chuidigh an Seimeastar Gaeltachta sa tríú bliain le mo chumas teanga, ach d'fhorbair sé mo scileanna cumarsáide agus mo chuid féinmhuiníne chomh maith. Mholfaínn an BA le Gaeilge go hard do dhuine ar bith atá ag iarraidh cur lena chumas Teanga, saineolas a shaothrú ar litríocht na Gaeilge agus forbairt a dhéanamh ar scileanna tábhachtacha don saol oibre.

*Shauna Ní Dhochartaigh (BA Comhonoracha le Gaeilge)*

*Bronnadh deontas Fulbright ar Shauna in 2023 chun an Ghaeilge a mhúineadh in Ollscoil Notre Dame i Meiriceá.*

Bíonn na ranganna ar siúl ón 10am – 5pm. Is iad na modúil a chlúdaítear le linn an tseimeastair ná:

- Saibhriú agus Scileanna Teanga
- Scileanna Cumarsáide agus Cur i Láthair
- Teicneolaíochtaí Teanga agus Aistriúcháin
- Cultúr Dúchais na Gaeltachta
- Pobal Gaeltachta an lae inniu
- Tionscadal Gaeltachta

Le linn an tseimeastair Gaeltachta eagraítear réimse leathan imeachtaí cultúrtha agus sóisialta agus siamsaíocht eile chun an taithí Ghaeltachta is fearr a chinntiú do na mic léinn. Ina measc seo tá:

- Siúlóidí Treoraithe
- Turais & Cuairteanna
- Spóirt
- Rothaíocht
- Snámh
- Ceardlanna
- Ceol
- Damhsa
- Drámaíocht
- Cadhcáil





### Teistiméireacht

Le linn bhliain a 3 den BComm, thug mé faoin seimeastar Gaeltachta ar an gCeathrú Rua. Mholfainn go láidir d'éinne más maith leo a gcuid Gaeilge a

fheabhsú tabhairt faoin seimeastar Gaeltachta. Bhain a lán buntáistí éagsúla leis an seimeastar Gaeltachta. Tháinig feabhas ollmhór ar mo Ghaeilge labhartha. Sular thosaigh mé an seimeastar Gaeltachta bhíos neirbhíseach faoi chaighdeán mo Ghaeilge. Bhí na léachtaí thar barr agus bhí éagsúlacht ann maidir leis na measúnuithe; bhí obair ghrúpa, cur i láthair, díospóireachtaí, aistí agus breag-agallaimh san áireamh.

Eagraíodh neart imeachtaí timpeall an cheantair agus chuidigh sé sin liom aithne níos fearr a chur ar dhaoine. Bhíos in ann casadh le daoine i dtimpeallacht nádúrtha lán-Ghaeilge. Mar shampla, d'imir mé peil agus cispheil, bhain mé triail as cúpla spórt uisce, bhí ranganna ióga agus ranganna rince ar siúl chomh maith. Thaitin an timpeallacht lán-Ghaeilge go mór liom. Chuidigh sé liom go raibh mé i gcomhlúadar le cainteoirí Gaeilge níos líofa ná mé féin freisin. Mothaím go bhfuilim i bhfad níos muiníní ag labhairt na Gaeilge anois ná mar a bhí mé ag tús an seimeastair.

*John Higgins (BComm le Gaeilge)*



### Teistiméireacht

Tá an seimeastar Gaeltachta ríthábhachtach do mhic léinn atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha. Cónaíonn tú le Gaeilgeoirí eile i

dteach le Bean an Tí. Bíonn tú sách sa teanga lasmuigh de na ranganna agus tú ag déanamh

cumarsáide leis na daoine i do theachsa agus le muintir na Gaeltachta sna siopaí. Tá níos mó muiníne agam as mo chuid Gaeilge labhartha tar éis an tseimeastair seo. Ní as ceantar Gaeltachta mé ó dhúchas ach roimh dheireadh an tseimeastair tháinig an oiread sin feabhais ar mo chuid saibhris sa teanga.

*Isobel Noonan Dodgson (BA Cumarsáid & Gaeilge)*

### Tuilleadh Eolais:

t: +353 91 493493

r: [dorothy.niuigin@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:dorothy.niuigin@ollscoilnagailimhe.ie)

g: [www.Ollscoilnagailimhe.ie/acadamh](http://www.Ollscoilnagailimhe.ie/acadamh)

# The Gaeltacht Semester

**The University of Galway offers a unique learning experience to students who undertake Irish as part of their studies on the undergraduate programme. As with other degree programmes that include languages, students who study Irish are offered an opportunity to benefit from an immersion study period of 12 weeks in either the Connemara or Donegal Gaeltacht areas during year 3 of their studies. The university is in the favourable position of having 3 university campuses in some of the strongest Gaeltacht regions in the country, namely: An Cheathrú Rua and Carna in Galway and Gaoth Dobhair in Donegal. At the end of the Gaeltacht semester, the students are more competent in Irish and, as a result, more confident in using it when undertaking work placements in semester two.**

Students indicate their campus of choice and accommodation with local families is arranged for the semester. The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media generously supplement the cost of the accommodation, with student contributing only €420 for the entire 12 week period. Accommodation includes all meals; breakfast, lunch and dinner.



## Testimonial

I made the right decision when I chose to study Irish in University of Galway. Emphasis is placed on all aspects of the language,

which means that it is a fun, comprehensive and enjoyable course. The Gaeltacht Semester in the third year not only helped my language ability, but it also developed my communication skills and my self-confidence. I would highly recommend the BA with Irish to anyone who wants to increase their language ability, pursue expertise in Irish language literature and develop important skills for the working world.

*Shauna Ní Dhochartaigh (BA Joint-Honours with Irish)*

*Shauna was awarded a Fulbright grant in 2023 to teach Irish at the University of Notre Dame in America.*

Classes during the period are from 10am – 5pm. The modules covered during this semester are:

- Enrichment and Language Skills
- Communication and Presentation Skills
- Language and Translation Technologies
- Native Culture of the Gaeltacht
- Today's Gaeltacht Community
- Gaeltacht Project

During the Gaeltacht semester a wide variety of cultural and social events and other entertainments are organised to ensure students have the best possible Gaeltacht experience. These include:

- Guided Walks
- Tours and trips
- Sports
- Cycling
- Swimming
- Workshops
- Music
- Dancing
- Drama
- Kayaking







### Testimonial

During year 3 of the BComm, I undertook the Gaeltacht semester in an Cheathrú Rua. I would strongly recommend anyone who would like to

improve their Irish to undertake the Gaeltacht semester. The Gaeltacht semester had many different advantages but mainly my spoken Irish improved enormously. Before I started the Gaeltacht semester I was nervous about the quality of my Irish. The lectures were excellent and there was a variety of assessments; including group work, presentations, debates, essays and mock interviews.

Lots of events were organised locally and that helped me get to know people better. It was possible to meet people where Irish was the first language and is spoken in a natural environment. For example, I played football and basketball, I tried a few water sports, and there were also yoga classes and dance classes. I really liked being immersed in the Gaeltacht environment. It helped me that I was in the company of more fluent Irish speakers than myself. I feel that I am much more confident speaking Irish now than I was at the beginning of the semester.

*John Higgins (BComm with Irish)*



### Testimonial

The Gaeltacht semester is crucial for students who want to improve their spoken Irish. You live with other Irish-speakers in a house with Bean an Tí and her

family. You are immersed in the language outside of

classes as you communicate with the people in your home and with the people of the Gaeltacht in the shops. I have more confidence in my spoken Irish after this semester. I am not originally from the Gaeltacht area, but before the end of the semester my language skills improved enormously.

*Isobel Noonan Dodgson (BA Cumarsáid & Gaeilge)*

### Further Information:

t: +353 91 493493

e: [dorothy.niugin@ollscoilnagaillimhe.ie](mailto:dorothy.niugin@ollscoilnagaillimhe.ie)

w: [www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh](http://www.OllscoilnaGaillimhe.ie/acadamh)

# Baitsiléir sa Tráchtáil (Gaeilge) (BComm)

GY208

Clár céime ceithre bliana sa Tráchtáil é seo a bhfuil staidéar ar an nGaeilge mar chuid de. Tabharfaidh sé seo deis do mhic léinn a gcuid scileanna teanga a fhorbairt agus iad ag fáil léargas den scoth ar shaol an ghnó agus an chultúir. Feilfidh an cháilíocht seo do mhic léinn ar mian leo gairm le gnó nó ar mian leo rogha leathan gairmeacha a bheith acu.

An buntáiste is mó atá ag mic léinn an chúrsa seo ná an seimeastar Gaeltachta agus an tréimhse taithí oibre a chuirtear ar fáil i mbliain a trí den chéim.

Sásaíonn an clár seo riachtanais Ghaeilge na Comhairle Múinteoireachta.

## Seimeastar sa Gaeltacht

Caithfidh na mic léinn seimeastar iomlán i mbun staidéir in Áras Mháirtín Uí Chadhain, áras de chuid Ollscoil na Gaillimhe ar an gCeathrú Rua. Déanfaidh siad staidéar ar shé mhodúl sa timpeallacht Gaeltachta seo. Ar na modúil a bheas idir lámha ag na mic léinn beidh 'Inniúlachtaí Gairme' a ullmhóidh na mic léinn le tabhairt go muiníneach faoi thréimhse taithí oibre tar éis an tseimeastair Gaeltachta.



### Teistiméireacht Mac Léinn

Thuig mé i gcónaí gur theastaigh uaim díriú ar an tráchtáil tar éis na hArdteistiméireachta mar gur thaitin gnó agus cuntasáíocht go mór liom agus mé ar scoil. Bhí mé thar a bheith ríméadach nuair a thuig mé go bhféadfainn tabhairt

faoin BComm le Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe mar go bhfuil an Ghaeilge thar a bheith tábhachtach dom mar chainteoir dúchais Gaeltachta. Bhí sé iontach ar fad a bheith in ann cáilíocht tríú leibhéal a bhaint amach sa nGaeilge freisin. Go praiticiúil, chuidigh sé go mór liom gur fhéad mé tabhairt faoi mhodúil a bhain leis an litríocht, leis an aistriúchán agus leis na healaíona traidisiúnta trí mheán na Gaeilge, mar gur trí Ghaeilge a bhí mo chuid scolaíochta ar fad faighte agam roimhe sin. Cé gur fhan mise sa mbaile, bhain mé an-taitneamh as an Seimeastar Gaeltachta ar an gCeathrú Rua, agus thug mé cuairt ar áiteanna fíorshuimiúla a bhí ar leac an dorais agam den chéad uair riamh! Níl aon dabht ach gurbh é an socrúchán oibre sa dara seimeastar den tríú bliain buaicphointe an chúrsa domsa. D'aimsigh mé deis socrúcháin le KPMG i nGaillimh agus thuig mé láithreach gur theastaigh uaim díriú ar phost sa réimse sin. Fuair mé taithí an-luachmhar agus mé ag obair leis na baill foirne agus leis na páirtithe i KPMG, agus go deimhin thairg siad post dom tar éis na céime ag deireadh an tsocrúcháin oibre. Bhain mise an-sásamh as an gcúrsa seo agus mholfainn do dhuine ar bith é a bhfuil spéis acu sa nGaeilge agus i gcúrsaí gnó.

Shauna Seoige (BComm le Gaeilge)

## Taithí Oibre le hEagraíocht Ghaeilge

Is cuid lárnach de chlár an chúrsa é an taithí oibre agus is próiseas leanúnach foghlama é ina mbíonn sé mar aidhm ag an bhfoghlaiméoir an t-eolas agus na scileanna atá sealbhaithe sa chéad dá bhliain den chlár a úsáid. Tabharfaidh an taithí oibre deis don fhoghlaiméoir taithí a fháil ar a bheith ag obair i dtimpeallacht oibre cheart agus déanfar cinnte de go mbeidh nasc idir an taithí oibre agus réimse staidéir an fhoghlaiméora. Socróidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge an taithí oibre.



### Tuilleadh Eolais

An Dr Dorothy Ní Uigín

t: 091-493493

r: dorothy.niugin@ollscoilnagaillimhe.ie

# BComm (Gaeilge)

GY208

This is a four-year degree programme in Commerce including the study of the Irish Language, allowing students to develop their language skills while gaining valuable insights into business and culture. It is the ideal qualification for students who want to build a career in business or who simply wish to expand their career choices.

The greatest advantage that students studying this course have is that in year three the programme is divided between a one semester internship in an Irish-speaking environment and a semester studying at University of Galway's Gaeltacht campus in an Cheathrú Rua.

This programme meets all of the Irish language requirements set by the Teaching Council.

## Gaeltacht Semester

Students will spend a full semester studying in Áras Mháirtín Uí Chadhain, a University of Galway centre in an Cheathrú Rua. They will study six modules in this Gaeltacht environment. 'Inniúlachtaí Gairme' or Professional Competencies is a module that will prepare the students to confidently undertake a period of work experience after the Gaeltacht semester.

### Student testimonial

I always knew that I wanted to focus on Commerce after the Leaving Certificate as I thoroughly enjoyed business and accountancy in school. I was delighted when I realized that I could undertake the BComm with Irish at the University of Galway because the Irish language is very important to me as a native speaker from the Gaeltacht. It was incredible to get the opportunity to achieve a third level qualification in Irish as well. In practice, it helped me a lot that I could undertake modules related to literature, translation studies, and the traditional arts through the medium of Irish, as I had completed all my previous schooling through Irish. Although I stayed at home, I really enjoyed the Semester in an Cheathrú Rua, and I visited very interesting places that were right on my doorstep for the first time ever! The work placement in the second semester of the third year was undoubtedly the highlight of the course for me. I sourced a placement opportunity with KPMG in Galway and immediately realized that I wanted to focus on a job in that field. I gained valuable experience working with the staff and partners at KPMG, and I was thrilled when they offered me a graduate programme at the end of the work placement. I enjoyed this course immensely and would recommend it to anyone with an interest in Irish and business.

*Shauna Seoige (BComm le Gaeilge)*



## Internship with an Irish language Organisation

The work experience component is central to the programme and is a continuous learning process where the learner aims to use the information and skills acquired in the first two years of the programme. The work experience will give the learner the opportunity to taste life in a real work environment and there will be a correlation between the work experience and the learner's area of study. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge will organise the work experience.



### Further Information

An Dr Dorothy Ní Uigín

t: 091-493493

e: [dorothy.niuigin@ollscoilnagaillimhe.ie](mailto:dorothy.niuigin@ollscoilnagaillimhe.ie)

# Dlí agus an Sruth Gaeilge

Tugann an Sruth Gaeilge deis do mhic léinn a scileanna Gaeilge a fhorbairt i rith na céime iomláine ceithre bliana sa dlí. Tá sé ar fáil do mhic léinn atá ag tabhairt faoi aon cheann de na céimeanna dlí seo a leanas:

- Dlí (BCL) GY251
- Dlí agus Gnó GY250
- Dlí (BCL) agus Cearta an Duine GY252
- Dlí agus Cánachas GY253
- Dlí (BCL), Coireolaíocht agus Ceartas Coiriúil GY254

## Bliain 1

- Teanga an Dlí

## Bliain 2

- Teanga an Dlí

## Bliain 3

- Seimeastar amháin ar champas Gaeltachta Ollscoil na Gaillimhe agus seimeastar amháin ar shocrúchán oibre gairmiúil i dtimpeallacht dlí ina labhraítear Gaeilge.

## Bliain 4

- Teanga an Dlí

## Teanga an Dlí

Cuimsítear leis an Sruth Gaeilge na modúil a bhaineann le Teanga an Dlí a thugann deis do mhic léinn a gcuid scileanna labhartha agus scríofa Gaeilge a fhorbairt, agus a dtéarmaíocht dlí Ghaeilge a fheabhsú. Cuirfear ar chumas na mac léinn smaointe agus tuairimí a chur in iúl trí Ghaeilge ó bhéal agus i scríbhinn.

## Deiseanna Fostaíochta

D'fheilfeadh an cháilíocht seo go rímhaith dóibh siúd arb é a sprioc gairm a bheith acu sa dlí, agus rogha deiseanna fostaíochta a bheith acu trí mheán na Gaeilge. I measc na bhféidearthachtaí tá fostaíocht i roinn dlí in eagraíocht Ghaeilge, gnólacht dlí a thugann comhairle dlí trí Ghaeilge, an earnáil phoiblí, aistriúchán agus ateangaireacht dhlíthiúil, mar aon leis na meáin. Bíonn folúntais ann chomh maith do Dhlítheangeolaithe le Gaeilge in institiúidí an Aontais Eorpaigh. An dualgas atá ar Dhlítheangeolaithe an AE cinntiú gurb ionann ciall gach reachtaíochta nua i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE.



## Bliain 3: Socrúchán Oibre Gairmiúil agus an Ghaeltacht

Buntáiste mór atá ag mic léinn ar an gcúrsa seo is ea go gcaitheann siad seimeastar amháin den tríú bliain ag staidéar ar champas Gaeltachta Ollscoil na Gaillimhe ar an gCeathrú Rua agus seimeastar eile ar shocrúchán oibre gairmiúil i dtimpeallacht dlí ina labhraítear Gaeilge.

## Riachtanais Iontrála

Ní mór do mhic léinn ar mian leo tabhairt faoin Sruth Gaeilge grád H4 ar a laghad a bheith acu i nGaeilge san Ardeistiméireacht.

## Tuilleadh Eolais

An Dr Dorothy Ní Uigín

t: 091-493493

r: dorothy.niuigin@ollscoilnagaillimhe.ie

# Law and the Irish Language Stream

**The Irish Language Stream allows students to develop their Irish language skills throughout their four year full law degree. The stream is available for students undertaking the following law degrees:**

- Law (BCL) GY251
- Law and Business GY250
- Law (BCL) and Human Rights GY252
- Law and Taxation GY253
- Law (BCL), Criminology and Criminal Justice GY254

## Year 1

- Legal Irish Modules

## Year 2

- Legal Irish Modules

## Year 3

- One semester at University of Galway's Gaeltacht campus and one semester of professional work placement in an Irish-speaking legal environment.

## Year 4

- Legal Irish Modules

## Legal Irish Modules

The Irish Language Stream covers Legal Irish modules which give students the opportunity to develop their Irish oral and Irish written skills, and enhance their Irish legal terminology. Students will be empowered to communicate ideas and opinions through oral and written Irish.

## Career Opportunities

It is the ideal qualification for students who want to build a career in law and open up a range of exciting job opportunities working through the Irish language. The qualification opens up opportunities for employment in legal departments of an Irish language organisation, law firms which provide legal advice through the Irish language, the public sector, legal translation and interpretation, and in the media. There are also great job opportunities for Irish Lawyer Linguists in the Institutions of the European Union. EU Lawyer Linguists ensure that all new legislation has the same meaning in each official language of the European Union.



## Year 3: Professional Work Placement and Gaeltacht

A great advantage that students studying this course have is that in year three the programme is divided between one semester studying at University of Galway's Gaeltacht campus in an Cheathrú Rua and one semester of professional work placement in an Irish-speaking legal environment.

## Entry Requirements

Students who wish to undertake the Irish Language Stream must have at least a H4 grade or higher in Leaving Cert Irish.



## Further Information

An Dr Dorothy Ní Uigín  
t: 091-493493  
e: [dorothy.niuigin@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:dorothy.niuigin@ollscoilnagailimhe.ie)

# AN TEAGASC TRÍ GHAeilGE SAN OLLSCOIL / TEACHING THROUGH IRISH IN THE UNIVERSITY

Is féidir cuid de na hábhair chéime sna Dána, sa Ghnó agus san Eolaíocht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe. Más spéis leat aon cheann de na hábhair seo a leanas a dhéanamh as Gaeilge is féidir teagmháil a dhéanamh leis an duine atá luaite ar an liosta chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hamanna a mbeidh na léachtaí agus na ranganna teagaisc ar fáil.

Some of the degree subjects in Arts, Business and Science can be undertaken in Irish at University of Galway. If you are interested in taking any of the following subjects in Irish you can contact the person mentioned on the list below for more information regarding the times the lectures and tutorials will take place.

## COLÁISTE NA nDÁN, NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN LÉINN CHEILTIGH/ COLLEGE OF ARTS, SOCIAL SCIENCES AND CELTIC STUDIES


Léachtaí & Ranganna Teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge/ Lectures & Tutorials available in Irish		Cód/Code	Tuilleadh Eolais/ Further Information
<b>Fraincis/ French</b>	Is féidir na modúil teanga a dhéanamh trí Ghaeilge. The Language modules can be taken in Irish.	FR100	An Dr Éamon Ó Cofaigh <b>Rphost:</b> eamon.ocofaigh@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-493802 <b>Oifig:</b> 324, Áras Dán na Mílaoise
<b>Tíreolaíocht/ Geography</b>	Beidh ranganna teagaisc trí Ghaeilge ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana. Tutorials will be available in Irish for first year students.	TI120	An Dr Kevin Lynch <b>Rphost:</b> kevin.lynch@universityofgalway.ie <b>Guthán:</b> 091-495779 <b>Oifig:</b> 125a, Foirgneamh na nDán/na hEolaíochta
<b>Staidéar Socheolaíochta &amp; Polaitíochta/ Sociological &amp; Political Studies</b>	Beidh ranganna teagaisc trí Ghaeilge ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana. Tutorials will be available in Irish for first year students.	SP100	An Dr Niall Ó Dochartaigh <b>Rphost:</b> niall.odochartaigh@universityofgalway.ie <b>Guthán:</b> 091-493594 <b>Oifig:</b> 318, Áras Mhaighe Seola
<b>Matamaitic/ Mathematics</b>	Beidh ranganna teagaisc trí Ghaeilge ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana. The first year of this course can be taken in Irish.	MA132 MA134 MA136	An Dr Aisling McCluskey <b>Rphost:</b> aisling.mccluskey@universityofgalway.ie <b>Guthán:</b> 091-493162 <b>Oifig:</b> ADB-2005, Áras de Brún
<b>Léann an Aistriúcháin</b>	Is trí Ghaeilge amháin a mhúintear an t-ábhar seo. This subject is only available in Irish.	LN100	Séamus Ó Coileáin <b>Rphost:</b> seamus.ocoileain@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-493959 <b>Oifig:</b> Bloc S
<b>Gaeilge</b>	Is trí Ghaeilge amháin a mhúintear an t-ábhar seo. This subject is only available in Irish.	NG100	Fiona de Paor <b>Rphost:</b> fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-492564 <b>Oifig:</b> 215, Áras na Gaeilge

## COLÁISTE NA NDÁN, NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN LÉINN CHEILTIGH/ COLLEGE OF ARTS, SOCIAL SCIENCES AND CELTIC STUDIES

Léachtaí & Ranganna Teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge/ Lectures & Tutorials available in Irish	Cód/Code	Tuilleadh Eolais/ Further Information
<b>Cumarsáid</b> Is trí Ghaeilge amháin a mhúintear an t-ábhar seo. This subject is only available in Irish.	GY101	Fionn Ó Sealbhaigh <b>Rphost:</b> fionn.osealbhaigh@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> +353 86 3823220 <b>Oifig:</b> 108, Bloc S
<b>Teicneolaíocht na Faisnéise/ Information Technology</b> Is féidir le mic léinn le Gaeilge staidéar a dhéanamh ar mhodúil ríomhaireachta trí Ghaeilge mar chuid den chéim BA sna Dána. Students with Irish can study computer modules in Irish as part of the BA Arts degree.	GY101	An Dr Seathrún Ó Tuairisg <b>Rphost:</b> seathrun.otuairisg@ollscoilnagaillimhe.ie Nó cursaí@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-494381

## COLÁISTE NA HEOLAÍOCHTA/ COLLEGE OF SCIENCE

Léachtaí & Ranganna Teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge/ Lectures & Tutorials available in Irish	Cód/Code	Tuilleadh Eolais/ Further Information
<b>Eolaíocht/Science</b> Modúl a phléann na gnéithe is bunúsaí den Ghaeilge, go háirithe ó thaobh na heolaíochta de. A module that discusses the basics of the Irish language especially in relation to science.	LN2210	An Dr Rose Ní Dhubhda <b>Rphost:</b> rose.nidhubhda@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-495813 <b>Oifig:</b> Bloc S
<b>Eolaíocht/Science</b> Modúl a phléann an eolaíocht as Gaeilge, idir théarmaíocht agus aistriúchán. A module that discusses science terminology and translation in Irish.	LN2211	Tomás Ó Maolalaidh <b>Rphost:</b> tomas.omaolalaidh@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-492734 <b>Oifig:</b> Bloc S



## COLÁISTE AN GHNÓ, AN BHEARTAIS PHOIBLÍ AGUS AN DLÍ/ COLLEGE OF BUSINESS, PUBLIC POLICY AND LAW

Léachtaí & Ranganna Teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge/ Lectures & Tutorials available in Irish	Cód/Code	Tuilleadh Eolais/ Further Information
<b>Fraincis/French</b> Ranganna teanga, measúnú leanúnach agus scrúduithe deiridh bliana ar fáil trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge. Language classes, continuous assessment, final year exams are all offered in both English and Irish.	FR1100	An Dr Éamon Ó Cofaigh <b>Rphost:</b> eamon.ocofaigh@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-493802 <b>Oifig:</b> 324, Áras Dán na Milaoise
<b>BComm le Gaeilge/ BComm with Irish</b> Cuirfear Gaeilge ar fáil mar ábhar do cheithre bliana na céime seo. Irish will be available as a subject with this four year degree programme.	GA190	An Dr Dorothy Ní Uigín <b>Rphost:</b> dorothy.niugin@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-493493 <b>Oifig:</b> 207, Áras na Gaeilge

## COLÁISTE AN LEIGHIS, AN ALTRANAIS AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE/ COLLEGE OF MEDICINE, NURSING AND HEALTH SCIENCES

Léachtaí & Ranganna Teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge/ Lectures & Tutorials available in Irish	Cód/Code	Tuilleadh Eolais/ Further Information
<b>Caidreamh le hOthair trí Ghaeilge/ An Irish Language Relationship with Patients</b> Tá an cúrsa seo á thairiscint mar mhodúl do mhic léinn altranais sa tríú bliain dá gcúrsa céime. This course is being offered as a module to nursing students in the third year of their degree course.	EC109/ EC125	An Dr Dorothy Ní Uigín <b>Rphost:</b> dorothy.niugin@ollscoilnagaillimhe.ie <b>Guthán:</b> 091-493493 <b>Oifig:</b> 207, Áras na Gaeilge





## CÚRSAÍ GAEILGE DO MHC LÉINN

Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge na cúrsaí seo a leanas ar fáil do mhic léinn ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge le linn dóibh a bheith ag freastal ar an Ollscoil:

### An Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal A2, B1, B2 & C1)

Is clár páirtaimseartha dhá bhliain é an cúrsa seo ar féidir le mic léinn é a dhéanamh i dteannta an ghnáthchúrsa céime nó iarchéime atá á dhéanamh acu. Cuirtear an clár ar fáil ag ceithre leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge, ó thosaitheoirí go cainteoirí líofa.

### An Diplóma sa Ghaeilge (Dlí)

Is clár páirtaimseartha dhá bhliain é seo do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar an Dlí. Is féidir le mic léinn an clár seo a dhéanamh i dteannta an ghnáthchláir céime/iarchéime atá á dhéanamh acu.

### Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn Idirnáisiúnta

Reáchtáiltear cúrsaí speisialta bonnleibhéal do mhic léinn idirnáisiúnta ar mian leo roinnt eolais a fháil maidir leis an nGaeilge agus cultúr na hÉireann. Tá an Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal A2) ar fáil do na mic léinn seo chomh maith.

### Cúrsaí sa Gaeltacht

Cuireann an tAcadamh cúrsaí ar fáil sa Gaeltacht do mhic léinn ar spéis leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus blaiseadh a fháil de shaol na Gaeltachta.

### Le tuilleadh eolais a fháil faoi na cúrsaí sin, téigh i dteagmháil le:

Oifig an Diplóma in Áras na Gaeilge  
andioplasaghaeilge@ollscoilnagaillimhe.ie

## IRISH LANGUAGE COURSES FOR STUDENTS

As part of the University's aim of promoting the Irish language, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge provides the following programmes for undergraduate and postgraduate students who wish to learn Irish or to improve their ability in the language while at university:

### An Diplóma sa Ghaeilge (Levels A2, B1, B2 & C1)

This is a two-year, part-time programme that can be undertaken by students in addition to their degree or postgraduate course. The programme is offered at four different levels of competence in Irish, from beginner to fluent.

### An Diplóma sa Ghaeilge (Law)

This is a two-year, part-time programme provided for university students studying Law. Students may undertake this programme in addition to their degree/postgraduate programme.

### Irish language courses for International Students

Special foundation-level courses are provided for international students who wish to gain some knowledge of the Irish language and culture. The Diploma in Irish (Level A2) is also suitable for such students.

### Courses in the Gaeltacht

An tAcadamh organises courses in its Gaeltacht centres for students who wish to improve their Irish and gain experience of life in the Gaeltacht.

### For further information on these courses, contact:

The Diploma Office in Áras na Gaeilge  
andioplasaghaeilge@ollscoilnagaillimhe.ie

# LÉARGAS AN CHÉIMÍ

## GRADUATE INSIGHTS



Ní raibh mé cinnte an é treo na cumarsáide a bhí uaim agus mé ag triail ar Ollscoil ach bhí mé cinnte gur theastaigh uaim céim a bhaint amach trí mheán na Gaeilge. Is féidir liom a rá go cinnte agus mé ag caitheamh súil siar nach bhfuil aiféala ar bith orm maidir le mo rogha cúrsa. Ón gcéad lá riamh, cuireadh trealamh taifeadta inár láimhe agus as sin amach fuaireamar taithí taifeadta agus craolacháin i réimsí éagsúla den earnáil. Ní dóigh liom go dtugann cúrsa céime ar bith eile a leithéid de thaithí phraiticiúil do mhic léinn.

Ceaptar nach bhfuil ach dá rogha ann do na céimithe cumarsáide, sin Raidió na Gaeltachta agus TG4. Cé gur craoltóirí iontacha iad, níl iontu ach dhá rogha as liosta leathan fostóirí in earnáil na meán Gaeilge. Sin an fáth gurb é an BA (Cumarsáid & Gaeilge) an rogha is fearr d'éinne atá idir dhá chomhairle faoina gcúrsa. Le linn na céime, gheobhaidh sibh scileanna láithreoireachta, iriseoireachta, eagarthóireachta, chomh maith le tuiscint leathan ar na meáin shóisialta, dlí agus eiticí agus an tionchar atá ag na meáin chumarsáide ar ár saolta. Bhí áit lárnach ag 'machnamh criticiúil' inár gcúrsa, ábhar atá thar a bheith luachmhar dar liom, cibé cén t-ábhar atá i mbun agaibh.

Caithfidh sibh seimeastar in Acadamh na hOllscoile sa Cheathrú Rua, áit ina gcuirfidh sibh bhur scileanna praiticiúla i gcleachtadh. Ina dhiaidh sin rachaidh sibh ar thaithí oibre ach chun an fhírinne a rá, tosaíonn an taithí oibre sa chéad bhliain nuair a bhíonn ar na mic léinn 'voxpops' (míreanna gearra fuaime) a thaifeadadh timpeall an champais. Foghlaimeoidh sibh scileanna scannánaíochta, scriptscríbhneoireachta agus léiriúcháin ó léachtóirí a bhfuil taithí na mblianta acu ag obair san earnáil. Is minic a chonaic mé duine de mo chuid léachtóirí ar TG4! Tá na meáin Ghaeilge ag athrú is ag forbairt lá i ndiaidh lae agus is é an rud is deise faoin gcúrsa cumarsáide ná, nach ndírfonn sé ar ghné ar leith de na meáin. Thug an cúrsa seo muinín dom mo chlár raidió féin a chraoladh ar FlirtFM. Ina dhiaidh sin, láithrigh mé cláir do Raidió Rí-Rá agus do stáisiún áitiúil i mo cheantar féin. Is liosta le háireamh é na féidearthachtaí atá i ndán do chéimithe cumarsáide amach anseo.

**Tess Casasín Ní Shíoradáin**

I wasn't sure if communication was the direction that I wanted when I was heading to University, but I was sure that I wanted to undertake a degree through Irish. I can definitely say looking back that I have no regrets about my choice of course. From day one, recording equipment was put in our hands and from then on we gained recording and broadcasting experience in various areas of the sector. I don't think any other degree course offers its students such practical experience.

It is thought that there are only two employment choices for communication graduates, that of Raidió na Gaeltachta and TG4. Although they are great broadcasters, they are only two choices from a wide list of employers in the Irish media sector. That's why the BA (Communications & Irish) is the best choice for anyone who is in two minds about their course. During the degree, you will gain presentation skills, journalism, editing, as well as a broad understanding of social media, law and ethics and the impact of the media on our lives. 'Critical thinking' played a central role in our course, a subject which I think is extremely valuable, whatever subject you are studying.

You will spend a semester at the University campus in Cheathrú Rua, where you will put your practical skills into practice. After that you will go on work experience but to tell the truth, the work experience starts in the first year when the students have to record 'voxpops' (short audio segments) around the campus. You will learn filmmaking, scriptwriting and production skills from lecturers with years of experience working in the sector. I often saw one of my lecturers on TG4! The Irish media is changing and developing day by day and the nicest thing about the communication course is that it does not focus on one specific aspect of the media, it covers a wide-range of subject areas. This course gave me the confidence to broadcast my own radio show on FlirtFM. After that, I presented some programs for Raidió Rí-Rá and a local station in my area. The possibilities for future communication graduates is a list to be reckoned with.

**Tess Casasín Ní Shíoradáin**



Rinne mé staidéar ar an bhFraincis agus ar Léann an Aistriúcháin agus mé i mbun mo bhunchéime. Bhain mé an-taitneamh as an dá ábhar agus cé go bhfuil siad an-éagsúil óna chéile, measaim gur chabhraigh siad araon liom an post seo a bhaint amach. Ar láimh amháin, bhí gné idirnáisiúnta ag baint leis an bhFraincis. Chaith mé mo thrú bliain sa Fhrainc agus spreag an taithí sin mé chun post a lorg thar lear. Cúrsa an-chuimsitheach atá i Léann an Aistriúcháin. Rinneamar staidéar ar réimse leathan ábhar a bhfuil dlúthbhaint acu leis an aistriúchán. I mo phost san oifig seo, tuigim an t-ádh a bhí liom staidéar a dhéanamh ar an ábhar sin agus tuigim freisin gur beag difríochtaí atá ann idir an obair atá ar bun agam faoi láthair agus an obair a rinneamar ar an ollscoil. Léiríonn sé sin dom cé chomh praiticiúil is atá an clár seo.

**Criostóir Ó Finn**

*Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh*

I studied French and Translation Studies for my undergraduate degree. I really enjoyed both of these subjects and even though they are very different from one another, I know they both helped me to secure this job. On one hand, French had an international aspect to it and I spent my third year in France and that experience inspired me to look for work abroad. Translation Studies is a very comprehensive course, we studied a wide range of topics that are closely linked to translation. In my current post, I understand how lucky I was to have studied that subject and I now see that there's little difference between the work I currently do and the work we did at university. That shows me just how practical this programme is.

**Criostóir Ó Finn**

*Publications Office of the European Union*





OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,  
Ollscoil na Gaillimhe.**  
r: [arasnagaeilge@ollscoilnagaillimhe.ie](mailto:arasnagaeilge@ollscoilnagaillimhe.ie)

[www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh](http://www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh)